

COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN

-

COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN

COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN

FODHLÍTHE UM RIALÚ LOCTHA 2007

COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN
FODHLÍTHE UM RIALÚ LOCTHA, 2007

RIAR NA BHFODHLÍTHE

Cuid I

Réamhráiteach

1. Lua
2. Tosach Feidhme
3. Limistéar Feidhme
4. Léiriú
5. Aisghairm

Cuid II

Locadh Le Ticéad 'Íoc agus Taispeáin'

6. Locadh in áiteanna loctha le Ticéad 'Íoc agus Taispeáin'
7. Feithiclí a fhéadfar a locadh in áiteanna loctha le ticéad 'Íoc agus Taispeáin'
8. Oibleagáid ticéad loctha bailí a thaispeáint
9. Táillí loctha cuí agus an íocaíocht íosta
10. Tréimhse loctha in áit loctha le ticéad
11. Rialuithe loctha íoctha a chur ar athló ar laethanta sonraithe
12. Cosc ar ghluaisrothair agus ar rothair chosa locadh in áiteanna loctha le ticéad 'Íoc agus Taispeáin'
13. Limistéir ainmnithe i gcomhair Gluaisrothar
14. Cur isteach
15. Neamh-chomhlíonadh na bhFodhlíthe

Cuid III

Ceadanna Loctha d'Áitritheoirí

16. Mionsonraí ar Chead Loctha
17. Líon ceadanna loctha le heisiúint
18. Cead chun feithicil le cead loctha bailí d'áitritheoirí á thaispeáint uirthi a locadh
19. Cead áitritheoirí a eisiúint ar áitritheoirí tithe athchóirithe
20. Cead loctha bailí a thaispeáint

21. Cead lotha a eisiúint agus táille i gcomhair cead lotha
22. Athsholáthar cead lotha a eisiúint
23. Cead lotha a sheoladh ar ais
24. Cead lotha a aistriú
25. Cead lotha curtha ar neamhní a thaispeáint
26. Ceadanna Lotha d'Áitritheoirí a eisiúint ar bhailt teaghlaigh neamhchónaitheacha
27. Doiciméid Fhalsaithe
28. Ceadanna lotha forlíontacha agus ceadanna lotha sealadacha a eisiúint

Cuid IV

Ceadanna Lotha do Chuariteoirí

29. Mionsonraí ar Cheadanna Lotha do Chuariteoirí
30. Cead Lotha bailí do Chuariteoirí a Thaispeáint
31. Cead Lotha do Chuariteoirí a eisiúint agus táille i gcomhair Cead Lotha do Chuariteoirí
32. Cead Lotha do Chuariteoirí a Dhiúscairt

Cuid V

Cead do neamhfheidhmiú Meaisín(í) Ticéid Lotha agus/nó Áit(eanna) Íoclotha

33. Iarratas
34. Coinníollacha an Cheada
35. Táillí Cuí
36. Cead a Eisiúint
37. Coinníoll a Shárú

Cuid VI

Ilghnéitheach

38. Neamhfheidhm na bhFodhlíthe
39. Séanadh
40. Leanúnachas Fodhlíthe aisghairthe agus Forálacha Idirthréimhseacha
41. Treoirlínte

Aguisíní

- Aguisín I Táillí Lotha
Aguisín II Ceadanna Lotha
Aguisín III Carrchlóis
Aguisín IV Treoirlínte ar Fhorfheidhmiú na Scéimeanna um Rialú Lotha ‘Íoc agus Taispeáin’.

Leis seo tá na Fodhlíthe seo a leanas á ndéanamh ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin (dá ngairtear “an Chomhairle” anseo ina dhiaidh seo) i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear di faoi Alt 36 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 agus Alt 101 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 agus tar éis di a bheith i gcomhairle le Coimisinéir An Gharda Síochána.

CUID I

Réamhráiteach

- Lua:** 1. Féadfar Fodhlíthe um Rialú Lotha Chomhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin 2007, a ghairm do na Fodhlíthe seo.
- Tosach Feidhme:** 2. Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh ar an 1^{chd} Lúnasa 2007.
- Limistéar Feidhme:** 3. Tá feidhm ag na Fodhlíthe seo le limistéar ina bhfuil limistéar riaracháin Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin léirithe le líne ghorm ar Líníocht Uimh: TT-155-01-06C.
- Léiriú:** 4. Sna Fodhlíthe seo:
ciallaíonn **“gníomhaire na Comhairle”** duine ar bith fostaithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin nó duine ar bith eile údaraithe ag an gComhairle chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Fodhlíthe seo;

ciallaíonn "**fianaise inghlactha**" an méid seo a leanas: -

(a) deimhniú reatha árachais a léiríonn go gcoinnítear an fheithicil, maidir lena ndearnadh an t-iarratas ar chead lotha áitritheora, de ghnáth ag seoladh an áitritheora sa limistéar cead lotha cónaithe lena mbaineann an cead;

(b) i gcás gurb é nó í an t-iarratasóir úinéir na feithicle maidir lena bhfuiltear ag déanamh iarratais ar chead lotha áitritheora agus go bhfuil an fheithicil faoi árachas ag a fhostóir/a fostóir, deimhniú árachais an fhostóra agus fianaise scríbhinne shásúil ón bhfostóir go bhfuil an t-iarratasóir i bhfostaíocht lánaimseartha sa chuideachta agus go bhfuil an fheithicil shonraithe faoi árachas ag an gcuideachta, nó

(c) i gcás nach é nó í an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle, maidir lena bhfuiltear ag déanamh iarratais ar chead lotha áitritheora, ach go mbaineann sé nó sí úsáid as an bhfeithicil le linn a chuid nó a cuid fostaíochta, deimhniú árachais an fhostóra i gcomhair na feithicle agus fianaise scríbhinne shásúil ón bhfostóir, arb é nó í úinéir cláraithe na feithicle é nó í, go bhfuil an t-iarratasóir i bhfostaíocht lánaimseartha leis an úinéir cláraithe agus go gcoinníonn an t-iarratasóir an fheithicil de ghnáth ag seoladh an áitritheora i gcrios cead lotha an áitritheora lena mbainfidh an cead, agus

(d) seachas i gcás mír (c) den Fhodhlí seo,

deimhniú ceadúnaithe feithicle, leabhar clárúcháin agus diosca cánach reatha ag deimhniú gurb é nó í an t-áitritheoir atá ag déanamh iarratais ar chead lotha áitritheora úinéir cláraithe na feithicle maidir lena bhfuiltear ag déanamh iarratais ar chead lotha áitritheora agus go

bhfuil an fheithicil cláraithe ag seoladh an áitritheora sa chrios cead lochta cónaithe lena mbainfidh an cead agus

- (e) ceadúnas tiomána nó sealadach in ainm an áitritheora atá ag déanamh iarratais ar chead lochta áitritheora agus
- (f) billí fóntais reatha, ráitis airgeadais, comhaontú tionóntachta nó doiciméid eile a bheadh inghlactha ag an gComhairle, a seoladh chuig an áitritheoir ag a sheoladh nó a seoladh ar an mbóthar poiblí lena mbaineann an cead lochta;
- (g) Féadfaidh an Chomhairle cead lochta áitritheora a athnuachan gan 'fianaise inghlactha' a bheith curtha isteach ach foirm iarratais chomhlánaithe a bheith curtha isteach agus an táille chuí a bheith íochta;
- (h) Ag tráth ar bith roimh chead lochta áitritheora a bheith dulta in éag féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an duine ar ar eisíodh an cead 'fianaise inghlactha' a chur ar fáil a shásóidh an Chomhairle go raibh siad i dteideal an cead a bheith eisithe orthu. Déanfar iarraidh ar bith den sórt sin i scríbhinn chuig an duine ar ar eisíodh an cead ag an seoladh a bhí tugtha ag an duine sin ar an bhfoirm iarratais;
- (i) I gcás nach gcuirfí 'fianaise inghlactha' ar fáil don Chomhairle laistigh de mhí amháin ó dháta na hiarrata scríofa, féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, a mheas go bhfuil cead lochta an áitritheora neamhbhailí agus an cead a chur ar ceal gan a thuilleadh fógra a thabhairt.

tá le "**duine údaraithe**" an bhrí a shanntar dó le hAlt 103 (8) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968);

ciallaíonn "**limistéar eatramhach**" an limistéar idir dhá áit íoclotha;

ciallaíonn "**carrchlós**" limistéar ina bhfuil áiteanna íoclotha ainmnithe go speisialta le haghaidh lotha ina bhfuil leas dlí, dílseánaigh nó cothromais ag an gComhairle;

ciallaíonn "**teach athchóirithe**" foirgneamh a bhí ina theach cónaithe singil tráth agus a athraíodh nó a ndearnadh athchóiriú air i gcaoi is nach bhfuil níos mó na 4 cinn d'aonaid tithíochta istigh ann;

ciallaíonn "**cead lotha do dhaoine míchumasaithe**" cead a deonaíodh de réir Airteagal 43 de Rialacháin na bliana 1997 agus 1998;

ciallaíonn "**áitreabh**" foirgneamh nó déanmhas, seachas árasán i mbloc árasán saintógtha, a dearadh agus a úsáidtear chun críocha cónaithe;

ciallaíonn "**feithicil earraí**" feithicil a úsáidtear go heisiach chun earraí nó ualach a iompar i gcúrsa trádála nó gnó agus cáin curtha uirthi mar fheithicil earraí;

Folaítear le "**Treoirlínte**" na Treoirlínte a bhaineann le Scéim Lotha 'Íoc agus Taispeáin' a Thabhairt Isteach i Limistéar, a úsáideann an Chomhairle chun a mheas an bhfuil nó nach bhfuil limistéar ar leith feiliúnach do Scéim Lotha 'Íoc agus Taispeáin' agus a thugann breac-chuntas ar nósanna imeachta a bheidh ar an gComhairle a leanúint agus Locadh 'Íoc agus Taispeáin' á fhorfheidhmiú aici i limistéar ar leith; Leagtar amach na Treoirlínte seo in Aguisín IV de na Fodhlíthe seo.

ciallaíonn **"ball neasteaghlaih"** céile, athair, máthair, deartháir, deirfiúr, mac, iníon, cliamhain, banchliamhain, neacht, nia, aintín, nó uncail;

ciallaíonn **"clár eolais"** clár a ghabhann le sín tráchta a léiríonn an tréimhse ina mbíonn feidhm ag na teorainneacha nó na baic a léirítear ar shin tráchta den sórt;

ciallaíonn **"cuas luchtaithe"** an píosa sin de bhóthar a léirítear trí bhíthin sín tráchta Uimh. RRM 009 nach mbeidh feithicil, seachas feithicil earraí a úsáidtear chun luchtú nó díluchtú, lochta ann le linn na tréimhse a léireofar ar an gclár eolais;

ciallaíonn **"gnáth-áit chónaithe"** an t-aonad tithíochta ina gcónaíonn nó ina n-áitíonn duine, nó a shásaíonn an Chomhairle go mbeartaíonn sé/sí cónaí agus áitiú ann thar oíche ar feadh níos mó ná 183 lá in aghaidh na bliana;

ciallaíonn **"uaireanta oibriúcháin"** na tréimhsí feidhme a léirítear ar an meaisín ticéid lochta cuí, nó ar an gclár eolais cuí;

ciallaíonn **"táille lochta"** táille arna forordú don áit íoclochta ina bhfuil an fheithicil lochta;

ciallaíonn **"cead lochta"** cead lochta áitritheora nó cead lochta do chuariteoirí arna eisiúint ag an gComhairle nó ag a gníomhairí chun críocha Fodhlí Uimh. 16 go 32 agus ina bhfuil mionsonraí arna sainiú i bhFodhlí Uimh. 16 agus 29;

ciallaíonn **"meaisín ticéid lochta"** meaisín dailte ticéad (méadair íoc agus taispeáin) atá ábalta ticéad lochta 'íoc agus taispeáin' a eisiúint go huathoibríoch i gcás go gcuirtear an táille lochta chuí arna forordú ag na Fodhlíthe seo isteach sa mheaisín;

ciallaíonn **"ticéad loctha íoc agus taispeáin"** ticéad loctha arna eisiúint ag an gComhairle Contae trí bhíthin meaisín ticéid loctha agus ar a bhfuil na mionsonraí seo a leanas: -

- (a) Na focail "*Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin*";
- (b) An táille a íocadh ar an ticéad;
- (c) Dáta agus am eisiúna an ticéid;
- (d) Am éaga an ticéid;
- (e) An limistéar íocloctha ina mbíonn an ticéad loctha íoc agus taispeáin bailí;

ciallaíonn **"limistéar íocloctha"** limistéar sa Chontae ina bhfuil áit nó áiteanna íocloctha;

ciallaíonn **"áit íocloctha"** áit, spás nó cuas chun feithicil a locadh i limistéar íocloctha ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós in úsáid chun feithicilí inneallghluaiste a locadh ann agus ar a bhfuil sín tráchta uimhir RUS 018 agus ceann ar bith de na marcálacha róid seo a leanas RRM 011, RRM 012, RRM 013 nó RRM 014 de na Rialacháin um Shíneacha crochta;

ciallaíonn **"bóthar poiblí"** bóthar ar údarás bóithre atá freagrach ina chothabháil;

ciallaíonn **"áititheoir"** duine gur áititheoir é nó í in áitreabh nó i dteach athchóirithe, seachas bloc árasán saintógtha, a shásaíonn an Chomhairle gur áitreabh atá suite i limistéar íocloctha lena mbaineann cead loctha í an ghnáth-áit chónaithe a bhíonn aige nó aici.

ciallaíonn "**cead locha áitritheora**" doiciméad arna eisiúint ag an gComhairle nó ag a gníomhairí chun críocha Fodhlíthe Uimh. 16 go 25 agus ina bhfuil mionsonraí arna sainiú i bhFodhlí 16;

ciallaíonn "**limistéar cead locha cónaithe**" áit locha le ticéad ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós na Comhairle ina léiríonn sín tráchta Uimh. RUS 018 agus clár eolais a ghabhann léi go bhfuil locadh feithiclí faoi réir ag ticéad locha íoc agus taispeáin nó cead locha d'áitritheoirí a thaispeáint;

ciallaíonn "**Rialacháin na bliana 1997 agus 1998**"

- (i) Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha), 1997 (I.R. 181 de 1997);
- (ii) Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh), 1997 (I.R. 182 de 1997);
- (iii) Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh), (Leasú) 1998 (I.R. 274 de 1998);
- (iv) Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh), (Leasú) (Uimh. 2) 1998 (I.R. 441 de 1998);

ciallaíonn "**Na hAchtanna Um Thrácht ar Bhóithre**" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961 - 2006;

tagraíonn "**Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre**" do rialacháin a rinneadh faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre;

ciallaíonn "**áit locha le ticéad**" áit ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós ina léiríonn sín tráchta Uimh. RUS 018 agus clár eolais a ghabhann leis go bhfuil locadh feithiclí faoi réir ag ticéad locha bailí íoc agus taispeáin a thaispeáint;

tá le "**maor tráchta**" an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 den Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975, arna leasú;

ciallaíonn "**boinn bhailí**" na boinn a léirítear ar na meaisín Íoc agus Taispeáin cuí;

ciallaíonn "**ticéad lothcha bailí íoc agus taispeáin**" ticéad lothcha íoc agus taispeáin nach bhfuil dulta in éag, atá bailí san áit lothcha le ticéad ina bhfuil an fheithicil lothcha agus atá ar taispeáint de réir Fodhlí 8;

ciallaíonn "**cead lothcha cuairteora bailí**" cead lothcha cuairteora nach bhfuil dulta in éag, agus atá ar taispeáint de réir Fodhlí Uimh. 8;

ciallaíonn "**feithicil**": -

(a) feithicil phaisinéirí a bhfuil cóiríocht paisinéirí inti do líon daoine nach lú na dhá dhuine dhéag cé is moite den tiománaí agus nach n-úsáidtear chun leantóir ná feithicil eile a tharraingt;

(e) feithicil earraí nach mó ná trí thonna a meáchan gan ualach agus nach n-úsáidtear chun leantóir ná feithicil eile a tharraingt;

ciallaíonn "**cuairteoir**" duine a thagann ar cuairt, a bhuaileann isteach chuig nó a fhanann leis an áitritheoir nó duine atá ag obair ar an áitreabh don áitritheoir;

ciallaíonn "**cead lothcha cuairteora**" cead lothcha cuairteora arna eisiúint ag an gComhairle Contae, ag a gníomhairí nó oifigigh údaraithe amháin agus ina bhfuil na mionsonraí atá i bhFodhlí Uimh. 29.

Aisghairm:

5. Faoi réir ag Fodhlí 40, aisghairtear leis seo Fodhlíthe 2006.

CUID II

Locadh le Ticéad 'Íoc agus Taispeáin'

**'Locadh in áiteanna
lotha le Ticéad
Íoc agus Taispeáin:'**

- 6.** Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le locadh feithicle in áit lotha le ticéad le linn uaireanta oibriúcháin: -
- (a) faoi réir ag mír (2) den Fhodhlí seo, beidh feithicil atá lotha in áit lotha le ticéad le linn uaireanta oibriúcháin, i gcás go bhfuil cuasa lotha soláthraithe san áit lotha le ticéad sin, lotha laistigh de limistéar an chuais lotha;
 - (b) i gcás feithicil a locadh in áit lotha le ticéad ar feadh na tréimhse uasta a cheadaítear san áit lotha le ticéad sin, arna léiriú ar an meaisín ticéid lotha 'íoc agus taispeáin' cuí nó ar an gclár eolais, ní loctar an fheithicil arís in áit lotha le ticéad ar an mbóthar poiblí ar a bhfuil an áit lotha le ticéad sin suite go dtí go mbeidh ar a laghad uair an chloig caite ón uair dheiridh a locadh an fheithicil san áit lotha le ticéad sin;
 - (c) ní loctar feithicil i limistéar eatramhach;
 - (d) ní mór feithicil atá lotha in áit lotha le ticéad i dtráth nach bhfuil le linn uaireanta oibriúcháin, a thógáil as an áit lotha le ticéad nuair a thosaíonn tréimhse uaireanta oibriúcháin seachas i gcás go dtaispeánfar ticéad lotha bailí 'íoc agus taispeáin' laistigh den fheithicil nuair a thosaíonn na huaireanta oibriúcháin agus le linn na tréimhse lotha atá fágtha de réir Fodhlí 8 (a), (b) agus (c) de na Fodhlíthe seo agus is cóir feidhm a bheith ag na Fodhlíthe seo ón tráth ar cuireadh tús le locadh den sórt;

- (e) ní locfaidh duine feithicil ná ní chuirfidh duine faoi deara í a locadh in áit íoclotha i gcaoi den sórt go síneann sí, nó go síneann aon chuid di, ó áit lotha amháin go háit lotha eile;
- (f) ní dhéanfaidh duine imchóiriú ná deisiú ar fheithicil a fhad is a bhíonn sí lotha in áit íoclotha, ach amháin i gcás gur gá déanamh amhlaidh chun a bheith ábalta an fheithicil a thógáil as an áit íoclotha;
- (g) ní bhainfear úsáid as feithicil, a fhad is a bhíonn sí lotha in áit íoclotha, chun earraí a dhíol san fheithicil nó as an bhfeithicil ná mar oifig; ná ní thairgfear ná ní thaispeánfar feithicil ar bith den sórt le díol nó le ligean ná mar dhuais. Ní dhéanfaidh duine torann ar bith nach bhfuil riachtanach trí bhíthin, ná i ndáil le, feithicil a fhad is a bhíonn sí lotha in áit íoclotha, ná trí bhíthin trealamh, feisteas ná uirlis ar bith feistithe nó iompartha ar an bhfeithicil ná callaire ar bith ná raidió ar bith ceangailte ar shlí ar bith den fheithicil.

**Feithicilí a fhéadfar
a locadh in áiteanna
lotha le ticéad íoc
agus taispeáin:**

7.

Féadfar feithicilí inneallghluaiste amháin, de na cineálacha seo a leanas, a locadh in áit lotha le ticéad le linn uaireanta oibriúcháin: -

- (a) feithicil phaisinéirí a bhfuil cóiríocht paisinéirí inti do líon daoine nach lú ná dhá dhuine dhéag cé is moite den tiománaí agus nach n-úsáidtear chun leantóir ná feithicil eile a tharraingt;
- (e) feithicil earraí nach mó ná trí thonna a meáchan gan ualach agus nach n-úsáidtear chun leantóir ná feithicil eile a tharraingt;

Oibleagáid ticéad lochta bailí a thaispeáint:

- 8.** (a) Ní mór ticéad lochta bailí íoc agus taispeáin, cead lochta, nó cead lochta do dhaoine míchumasaithe a thaispeáint arna sainiú san Fhodhlí seo laistigh d'fheithicil lochta go dleathach in áit lochta le ticéad le linn uaireanta oibriúcháin;
- (b) Beidh an ticéad lochta bailí íoc agus taispeáin, cead lochta, cead lochta do dhaoine míchumasaithe ar taispeáint ar an daischlár tosaigh den fheithicil nó taobh istigh den fhuinneog thosaigh den fheithicil ionas go mbeidh duine taobh amuigh den fheithicil a bheadh ag féachaint isteach san/tríd an bhfuinneog thosaigh ábalta an ticéad nó an cead a fheiceáil agus a fháil amach cén uair a raibh nó a mbeidh an ticéad lochta/an cead neamhbhailí;
- (c) Beidh an ticéad lochta Íoc agus Taispeáin, cead lochta, nó cárta daoine míchumasaithe ar taispeáint de réir mhír (b) den Fhodhlí seo a fhad is a bheidh an fheithicil lochta san áit lochta le ticéad sin.

Táillí lochta cuí agus an íocaíocht íosta:

- 9.** (a) Taispeántar na táillí iníochta ar an meaisín ticéid lochta cuí, agus mar atá leagtha amach in Aguisín 1 de na Fodhlíthe seo;
- (b) Ceannófar ticéad lochta íoc agus taispeáint ó mheaisín ticéid lochta íoc agus taispeáin cuí;
- (c) Beidh an táille íocaíochta i leith ticéad lochta íoc agus taispeáin iníochta trí mheascán ar bith de bhoinn bhailí, nó, i gcás go soláthrófar an deis, trí chárta íocaíochta nó trí íocaíocht ó fhón póca. Léireofar an modh/na modhanna íocaíochta ar an meaisín ticéid lochta íoc agus taispeáin;
- (d) Más infheidhme, déanfar íocaíocht le cárta íocaíochta tríd an gcárta íocaíochta a chur isteach sa mheaisín ticéid lochta

agus na treoracha ar an meaisín ticéid lothcha a leanúint chun ticéad lothcha bailí íoc agus taispeáin a fháil;

(e) Más infheidhme, déanfar íocaíocht le fón póca trí dhul isteach ar shuíomh réamhchláraithe agus na treoracha ar an bhfón nó ar an meaisín ticéid lothcha a leanúint chun ticéad lothcha bailí íoc agus taispeáin a fháil;

(f) Taispeánfar an ticéad lothcha bailí íoc agus taispeáin a thúsce is a loctar ar an gcoinníoll, i gcás go loctar feithicil ag tráth nach bhfuil le linn uaireanta oibriúcháin, go dtaispeánfar an ticéad lothcha bailí íoc agus taispeáin de réir Fodhlí 8 ag tráth a dtosaíonn na huaireanta oibriúcháin;

**Tréimhse lothcha
in áit lothcha
le ticéad:**

10. Ní bheidh feithicil atá lothcha in áit lothcha le ticéad le linn uaireanta oibriúcháin lothcha amhlaidh ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse uasta ina gceadaítear locadh ar an lá sin san áit lothcha le ticéad sin mar a léirítear ar an meaisín ticéid lothcha cuí nó ar an gclár eolais crochta ar an mbóthar poiblí nó sa charrchlós ina bhfuil an fheithicil lothcha nó suite ar bhóthar poiblí in aice láimhe, arna léiriú ar shín;

**Rialuithe lothcha
íochta a chur ar
athló ar laethanta
sonraithe;**

11. Ní bheidh feidhm ag rialuithe lothcha íochta in áit lothcha le ticéad ar bith ar na laethanta seo a leanas: -

Lá Caille	1ú Eanáir
Lá Pádraig	17ú Márta
Domhnach Cásca	Inathraithe
Luan Cásca	Inathraithe
Saoire Phoiblí na Bealtaine	1 ^{chd} Luan i mí na Bealta Bealtaine
Saoire Phoiblí mhí an Mheithimh	1 ^{chd} Luan i mí an Mheithimh
Saoire Phoiblí Lúnasa	1 ^{chd} Luan i mí Lúnasa
Saoire Phoiblí Dheireadh Fómhair	An Luan Deiridh i nDeireadh Fómhair

Lá Nollag
Lá Stiofáin

25^ú Nollaig
26^ú Nollaig

- Cosc ar gluaisrothair agus ar rothair chosa locadh in áiteanna lotha le ticéad íoc agus taispeáin:**
- 12.** Ní loctar gluaisrothar, le nó gan carr cliathánach, le linn uaireanta oibriúcháin in áit lotha le ticéad, seachas limistéar lotha ainmnithe i gcomhair gluaisrothar.
- Limistéir Ainmnithe i gcomhair Gluaisrothar:**
- 13.** Féadfar gluaisrothair, le nó gan carr cliathánach, a locadh i limistéir a fhéadfaidh an Chomhairle a ainmniú don chineál sin feithicle.
- Cur Isteach:**
- 14.** (a) Ní dhéanfaidh duine ar bith, bonn, airteagal ná ní ar bith, seachas na boinn ainmnithe, a chur isteach i meaisín ticéid lotha chun ticéad lotha íoc agus taispeáin a cheannach, ná cur isteach ar bhealach ar bith eile ar mheaisín ticéid lotha;
- (b) Ní chuirfidh duine ar bith seachas gníomhaire na Comhairle, comhalta den Gharda Síochána, duine údaráithe nó maor tráchta, isteach ar bhealach ar bith le forscáth, sín ná feiste eile curtha ar mheaisín ticéid lotha;
- (c) I gcás feithicil atá lotha in áit íoclotha ar lá agus le linn tréimhse atá léirithe ar chlár eolais ní chuirfidh duine isteach ar thicéad lotha bailí íoc agus taispeáin ná ar chead lotha a thaispeánfar san fheithicil ná ní dhéanfar iad a athrú ná a aghlot;
- (d) Ní chuirfear isteach ar ghníomhaire na Comhairle, oifigeach údaráithe ná maor tráchta ar bhealach ar bith agus é nó í ag comhlíonadh a fheidhmeanna/a feidhmeanna faoi na Fodhlíthe seo.

**Neamh-
chomhlíonadh na
bhFodhlíthe:**

- 15.** Beidh duine ar bith a sháróidh na Fodhlíthe seo ciontach i gcion agus faoi réir fíneála arna forordú ag na hAchtanna Um Thrácht ar Bhóithre agus na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre.

CUID III

Ceadanna Lochta d'Áitritheoirí

**Mionsonraí
ar chead lochta:**

- 16.** Beidh na mionsonraí seo a leanas ar chead lochta bailí d'áitritheoirí: -
- (a) na focail '*Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin*';
 - (b) déanamh, cineál agus cláruimhir na feithicle maidir lena n-eisítear é;
 - (c) an limistéar íoclotha lena mbaineann sé;
 - (d) an dáta éaga;
 - (e) síniú an duine á eisiúint.

**Líon ceadanna
lochta le heisiúint:**

- 17.** In aon bhliain amháin ar bith déanfaidh an Chomhairle, ar iarratas ó áitritheoir, aon chead lochta amháin a eisiúint in aghaidh gluaisteán áitritheora laistigh dá limistéar íoclotha féin, faoi réir fianaise inghlactha á soláthar ag an áitritheoir, suas go huasteorainn de cheithre chead lochta d'áitritheoirí in aghaidh an áitribh.

**Cead chun
feithicil le cead lochta
bailí d'áitritheoirí á
thaispeáint uirthi
a locadh:**

- 18.** Ceadóidh cead lochta bailí áitritheora, ar taispeáint de réir Fodhlí 8 ar fheithicil maidir lenar eisíodh an cead lochta, d'úinéir na feithicle (nó duine ar bith a bheidh á húsáid lena thoiliú/lena toiliú) í a locadh gan teorainn maidir le fad ama, ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt ar an gclár eolais, sa limistéar cead lochta cónaithe lena mbaineann an cead.

- Cead áitritheoirí a eisiúint ar áitritheoirí tithe athchóirithe:** **19.** I gcás foirgnimh gur teach athchóirithe é agus nach bhfuil níos mó ná ceithre aonad tithíochta ann is ceithre chead lochta d'áitritheoirí líon iomlán na gcead lochta d'áitritheoirí is féidir le háitritheoirí na n-aonad tithíochta san fhoirgneamh sin a bheith ina seilbh, i gcomhthráth, faoi réir ag an uasteorainn d'aon chead lochta amháin d'áitritheoirí in aghaidh aonad tithíochta agus faoi réir ag fianaise inghlactha a bheith curtha ar fáil.
- Cead lochta bailí a thaispeáint:** **20.** Beidh cead lochta bailí ar taispeáint laistigh den fheithicil maidir lena n-eiseofar é ionas go mbeifear ábalta é a léamh ón taobh amuigh den fheithicil de réir Fodhlí 8.
- Cead lochta a eisiúint agus táille i gcomhair cead lochta:** **21.** (a) Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí amháin, cead lochta a eisiúint, maidir le locadh feithicle i limistéar íoclochta;
(b) Beidh táille gach ceada lochta mar atá léirithe in Aguisín 2 iniata;
(c) Beidh cead lochta bailí ar feadh na dtréimhsí arna leagan amach in Aguisín 2 ón gcéad lá ó mhí a eisiúna maidir leis an bhfeithicil sin agus leis an limistéar íoclochta lena mbaineann an cead;
(d) Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht cead lochta a athnuachan.
- Athsholáthar cead lochta a eisiúint:** **22.** Eiseoidh an Chomhairle nó a gníomhairí, i gcás go gcuirfear fianaise isteach go bhfuil cead lochta áitritheora cailte, scriosta nó goidte, athsholáthar ceada ar an úinéir ach táille mar atá léirithe in Aguisín II a íoc, faoi réir fianaise inghlactha á soláthar ag an úinéir agus cuirfear cead athsholáthair den sórt sin in áit an bhuncheada agus cuirfear an bunthead ar neamhní.
- Cead lochta** **23.** I gcás, le linn na tréimhse lena mbaineann an cead lochta, go

a sheoladh ar ais:

stopfaidh an sealbhóir ag cónaí laistigh den limistéar íoclotha lena mbaineann an cead loctha, nó go stopfaidh sé nó sí a bheith ina úinéir nó ina húinéir tríd an fheithicil lena mbaineann an cead a dhiúscairt, seolfaidh sé nó sí ar ais an cead loctha chuig an gComhairle nó a gníomhairí láithreach, agus cuirfear cead den sórt ar neamhní.

**Cead loctha
a aistriú:**

24. I gcás go bhfaigheann sealbhóir cead loctha d'fheithicil feithicil eile ina háit, beidh sé/sí i dteideal, tar éis dó nó di an bunchead loctha a fhorghéilleadh, cead loctha a fháil, faoi réir fianaise inghlactha a sholáthar maidir leis an bhfeithicil nua, a bheidh bailí suas go dáta éaga an bhuncheada loctha.

**Cead loctha
curtha ar neamhní
a thaispeáint:**

25. Is cion é cead loctha curtha ar neamhní nó dulta in éag a thaispeáint.

**Ceadanna Loctha
d'Áitritheoirí a
eisiúint ar bhaill
teaghlaigh
neamhchónaitheacha:**

26. Féadfar cead loctha d'áitritheoirí (agus uasmhéid de dhá chlárúimhir feithicle ar an gcead) a eisiúint i gcomhair suas le beirt bhall neamhchónaitheacha de neasteaghlach a oibríonn mar chúramóirí deonacha d'áitritheoir a bhfuil a ghnáth-áit nó a gnáth-áit chónaithe i limistéar íoclotha maidir lena n-eisíonn an Chomhairle ceadanna áitritheoirí agus a mbíonn cúram laethúil leanúnach i gcomhair tinneas ainsealach ag teastáil uaidh/uaithe. Eiseofar cead loctha d'áitritheoirí go bliantúil faoi réir deimhniú árachais an bhaill/na mball den neasteaghlach a chur isteach agus deimhniú scríofa ó dhochtúir an áitritheora go mbíonn cúram laethúil leanúnach i gcomhair tinneas ainsealach ag teastáil ón áitritheoir.

**Doiciméid
Fhalsaithe:**

27. I gcás go gcuireann áitritheoir nó iarratasóir isteach doiciméid fhalsaithe chun tacú lena iarratas/lena hiarratas ar chead loctha áitritheora nó cead/ceadanna loctha do chuariteoirí féadfaidh an Chomhairle, dá lánrogha féin, cinneadh a dhéanamh gan cead

lotha áitritheora ná cead/ceadanna lotha do chuartheoirí a eisiúint ar an iarratasóir/áitritheoir sin.

Ceadanna lotha forlíontacha agus ceadanna lotha sealadacha a eisiúint:

- 28.** Féadfaidh an Chomhairle ceadanna lotha forlíontacha agus ceadanna lotha sealadacha a eisiúint agus i gcás go gcuirfear ar taispeáint go ceart iad i bhfeithicil, beifear ábalta an fheithicil sin a locadh in áit lotha le ticéad ar bith, lena mbaineann na Fodhlíthe seo, gan ticéad lotha bailí íoc agus taispeáin, cead lotha áitritheora ná cead lotha cuairteora a thaispeáint, ar an gcoinníoll thairis sin go bhfuil an fheithicil lotha go dlíthiúil, agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach ar an gcead lotha forlíontach a chomhlíonadh.

CUID IV

Ceadanna Lochta do Chuartheoirí

-

Mionsonraí ar chead lotha cuairteora:

- 29.** Beidh na mionsonraí seo a leanas ar chead lotha cuairteora: -
- (a) na focail '*Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin*';
 - (b) na focail '*cead lotha cuairteora*', agus
 - (c) an limistéar íoclotha lena mbaineann sé;
 - (d) an bhliain, an mhí, an lá agus an uair ar thosaigh an tréimhse lotha don fheithicil.

Cead lotha bailí cuairteora a thaispeáint:

- 30.** Ceadóidh an cead lotha bailí cuairteora, ar taispeáint de réir Fodhlí 8 ar fheithicil, d'úinéir na feithicle (nó duine ar bith a bheidh á húsáid lena thoiliú/lena toiliú) í a locadh go leanúnach ar an dáta a léireofar ar an gcead lotha cuairteora a bheidh ar taispeáint i limistéar íoclotha ar an mbóthar poiblí lena mbaineann, ar an gcoinníoll i gcás an cheada lotha
- (a) a bheith marcáilte le peann gránbhiorach de réir mar is cuí don chineál áirithe cead lotha sa chaoi is go léireofar air go soiléir an bhliain, an mhí agus an lá sa mhí ar thosaigh an

tréimhse lotha don fheithicil ina mbeidh an cead lotha ar taispeáint de réir na bhFodhlíthe seo;

- (b) i gcás gur cead é an cead cuairteoirí den chineál a scríobann tú, scríobfar na painéil ar leith den chead lotha de réir mar is cuí nuair a thosófar an locadh ag léiriú go soiléir an bhliain, an mhí, an lá den mhí, agus más infheidhme, an uair sa lá agus (don tréimhse cúig nóiméad is gaire a leanann) an nóiméad san uair a thosóidh an locadh;
- (c) nach léireofar bliain, mí ná lá den mhí ar bith eile air;
- (d) go léireofar air go bhfuil an fheithicil lotha amhlaidh ar an dáta a léireofar ar an gcead lotha do chuairoteoirí a bheidh ar taispeáint;
- (e) gur eisíodh é maidir leis an limistéar íoclotha ina bhfuil an fheithicil lotha.

Cead lotha cuairteora a eisiúint agus táille i gcomhair cead lotha cuairteora:

- 31.** (a) Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí ceadanna lotha cuairteora a eisiúint ar gach áitritheoir, faoi réir fianaise inghlactha a sholáthar i limistéar íoclotha maidir le locadh feithicilí nach gcoinnítear de ghnáth sa limistéar sin agus ar gá iad a locadh go sealadach in áit íoclotha sa limistéar sin;
- (b) Beidh táille gach cead lotha cuairteora faoi mar atá léirithe in Aguisín II;
- (c) Ní bheidh cead lotha cuairteora bailí ach amháin lena úsáid sa limistéar íoclotha ar bhóthar poiblí lena mbaineann an cead cuairteoirí.

Cead íoclotha cuairteora a dhiúscairt:

- 32.** Is cion é d'áitritheoir cead cuairteora a dhíol le nó a dhiúscairt ar aon bhealach do dhuine nach cuairteoir é nó í arna sainmhíniú sna Fodhlíthe seo.

CUID V

Cead do Neamhfheidhmiú

Meaisín(í) Ticéid Lochtha Agus/Nó Áit(eanna) Íoclotha

- Iarratas:** **33.** Ní mór iarratas ar chead i gcomhair neamhfheidhmiú meaisín(í) ticéid lochtha nó áit(eanna) íoclotha a dhéanamh i scríbhinn maidir leo seo a leanas:
- (a) scipe bruscair a lonnú;
 - (b) cliabhán ardaithe a lonnú;
 - (c) craein a lonnú;
 - (d) feithicil níos troime ná 3 thonna a lonnú;
 - (e) chun críocha scannánaíochta agus/nó feithiclí gaolmhara;
 - (f) oibreacha agus/nó feithiclí fóntais;
 - (g) rochtain a oscailt ar bhóthar poiblí; agus
 - (h) imthosca ar bith eile de rogha na Rannóige Iompair de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Coinníollacha an cheada:** **34.** Beidh an cead, má dheonófar é, faoi réir coinníollacha ar bith a bheidh sonraithe i scríbhinn ag an gComhairle, lena n-áirítear táille/táillí á íoc/á n-íoc ag an duine a dhéanann an cead a iarraidh.
- Táillí cuí:** **35.** Beidh na táillí cuí iníoctha i gcomhair an cheada mar a chomhaontófar sna himthosca ar leith.
- Cead a eisiúint:** **36.** Eiseofar an cead, má dheonófar é, i scríbhinn mar aon le fógra chuig an ngníomhaireacht chuí forfheidhmithe faoi mhionsonraí an cheada.
- Coinníoll a Shárú:** **37.** Is cion é coinníoll atá sonraithe i scríbhinn sa chead a shárú.

CUID VI
Ilghnéitheach

Neamhfheidhm na bhFodhlíthe:

- 38.** Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 8 de na Fodhlíthe seo maidir leo seo a leanas: -
- (a) feithicil atá in úsáid i dtaca le bacainn tráchta a aistriú, le feithicil de bhun Alt 97 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, a aistriú, le feithicilí a dhéanamh doghluaiste agus a scaoileadh, cothabháil, feabhsúchán nó atógáil bóthair phoiblí, soláthar, athrú nó deisiú de phríomhdhraein, séarachas, píopa nó fearas chun gás, ola, uisce nó leictreachas nó líne theileafóin a sholáthar nó chun sín tráchta a chrochadh;
 - (b) feithicil briogáid dóiteáin, otharcharr nó feithicil in úsáid ag maor tráchta, duine údaráithe nó comhalta den Gharda Síochána nó de na Fórsaí Cosanta i gcomhlíonadh a dhualgas/a dualgas;
 - (c) feithicil ina bhfuil cead daoine míchumasaithe bailí ar taispeáint agus ar ar deonaíodh an cead sin, i gcás go bhfuil an cead ar taispeáint go feiceálach ar an bhfeithicil nuair atá an fheithicil sin loctha san áit íoclotha, ar an lá agus le linn tréimhse a léirítear ar an gclár eolais údaráithe a ghabhann le sín tráchta uimhir RUS 018 agus ceann ar bith de na marcálacha róid seo a leanas RRM 011, RRM 012, RRM 013 nó RRM 014 de na Rialacháin um Shíneacha;
 - (d) i gcás gur feithicil earraí, atá loctha a fhad is a bhíonn earraí á luchtú go gníomhach isteach ann nó isteach air nó á ndíluchtú amach as, feithicil loctha in áit íoclotha le linn uaireanta gnó, ní bheidh feidhm ag Fodhlí 8 go dtí go

rachaidh 20 nóiméad tar éis tús a chur leis an locadh in éag.

Séanadh:

- 39.** De réir Alt 36(13) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, ní chuirfidh comhlíonadh a bhfeidhmeanna ag an gComhairle Contae ná ag a gníomhairí faoi na Fodhlíthe seo an Chomhairle faoi dhliteanas ar bith maidir le haon fheithicil in áit lotha nó na nithe a bheidh san fheithicil sin, a chailliúint nó a dhamáistiú.

**Leanúnachas
Fodhlíthe aisghairthe
agus Forálacha
Idirthréimhseacha:**

- 40.** (a) Ní dhéanfaidh aon ní i bhFodhlí 5 difear do bhailíocht aon ní a rinneadh faoi Fhodhlíthe 2006. Ní bheidh gníomhartha ar bith a glacadh faoi Fhodhlíthe 2006, nó aon ní eile a rinneadh, ó bhail de bharr aisghairm na bhFodhlíthe réamhráite ach má bhí siad i bhfeidhm díreach sula raibh éifeacht leis an aisghairm sin, beidh éifeacht leo ionann is dá mba gur faoi Fhodhlíthe 2006 a dhéanfaí iad mura bhforálfar a mhalairt;
- (b) Ní dhéanfar difear do leanúnachas oibriú an dlí a bhaineann leis na nithe dá bhforáiltear i bhFodhlíthe 2006 aisghairthe mar gheall ar na Fodhlíthe seo a chur in ionad na bhFodhlíthe 2006 sin agus –
- (i) déanfar an oiread sin d'aon Fhodhlí, acht nó doiciméad eile a thagraíonn, go sainráite nó go hintuigthe, d'aon fhoráil de na Fodhlíthe seo, nó do nithe a rinneadh nó a bheidh le déanamh faoi réim nó chun críocha aon fhorála de na Fodhlíthe seo, a fhorléiriú, má cheadaíonn agus a mhéid a cheadaíonn an cineál ábhair san Fhodhlí, san acht nó sa doiciméad eile é, mar ní a fholáíonn, i ndáil leis na tráthanna, na blianta nó na tréimhsí, na himthosca nó na críocha a bhfuil nó a raibh éifeacht leis an bhforáil chomhréire i bhFodhlíthe 2006 aisghairthe i

ndáil leo, tagairt don fhoráil chomhréire sin, nó, de réir mar a bheidh, do nithe a rinneadh nó a bheidh le déanamh faoi réim nó chun críocha na forála comhréire sin;

(ii) déanfar an oiread sin d'aon Fhodhlí, acht nó doiciméad eile (i gcás iad a bheith aisghairthe, rite nó déanta tar éis tosach feidhme na bhFodhlíthe seo) a thagraíonn, go sainráite nó go hintuigthe, d'aon fhoráil de na Fodhlíthe, nó, do nithe a rinneadh nó a bheidh le déanamh faoi réim nó chun críocha aon fhorála de na Fodhlíthe seo, a fhorléiriú, má cheadaíonn agus a mhéid a cheadaíonn an cineál ábhair san Fhodhlí, acht nó sa doiciméad eile é, mar ní a fholaíonn, i ndáil leis na tráthanna, na blianta nó na tréimhsí, na himthosca nó na críocha a bhfuil nó a raibh éifeacht le foráil chomhréire i bhFodhlíthe 2006 aisghairthe i ndáil leo, tagairt don fhoráil chomhréire sin, nó, de réir mar a bheidh, do nithe a rinneadh nó a mheastar a rinneadh nó a bheidh le déanamh faoi réim nó chun críocha na forála comhréire sin.

Treoirínite: 41.

Déanfaidh an Chomhairle na Treoirínite a bhaineann leis an Scéim Lotha Íoc agus Taispeáin a Thabhairt Isteach i Limistéar arna leagan amach in Aguisín IV de na Fodhlíthe seo a chomhlíonadh.

AGUISÍN I

TÁILLÍ TICÉAD LOCTHA

BÓITHRE POIBLÍ

Taraif	Táille Chuí Loctha	Uasmhéid Ama Loctha
Crios A I ndath gorm ar an Líníocht TT-155-01-06C	0.20c an 6 nóiméad €2.00 san uair	10 n-uair ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt ar an gclár eolais
Crios B I ndath glas ar an Líníocht TT-155-01-06C	0.15c an 6 nóiméad €1.50 san uair €5.00 sa lá	10 n-uair ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt ar an gclár eolais
Crios C I ndath bándearg ar líníocht TT-155-01-06C	0.10c an sé nóiméad €1.00 san uair €3.00 sa lá	10 n-uair ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt ar an gclár eolais
Crios D Gach limistéar eile nach bhfuil i ndath gorm, glas ná bándearg ar Líníocht TT-155-01-06C	0.10c an sé nóiméad €1.00 san uair €5.00 sa lá	10 n-uair ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt ar an gclár eolais

CARRCHLÓIS

Taraif	Táille Chuí Loctha	Uasmhéid Ama Loctha
Crios A	0.10c an sé nóiméad €1 san uair €5 sa lá	10 n-uair
Crios B	0.10c an sé nóiméad €1.00 san uair €5.00 sa lá	10 n-uair
Crios C	€1.00 san uair €5.00 sa lá	10 n-uair
Crios D Injata i gCrios D tá carrchlós Stáisiún Dart Chnoc an tSalainn agus carrchlóis An Chaladh Thiar	0.10c an sé nóiméad €1.00 san uair €3.00 sa lá	10 n-uair

AGUISÍN II

-

CEAD LOCTHA CÓNAITHE

€40.00 an cead in aghaidh na bliana.

€75.00 an cead in aghaidh dhá bhliain.

Cead Lochta Cuairteora €1.50 an ceann.

Cead Athsholáthair €10.00 an cead.

AGUISÍN III

Tá na carrchlóis seo a leanas faoi réir ag na Fodhlíthe seo:-

An Charraig Dhubh

Stáisiún Dart na Carraige Duibhe
Plás na bhFothraid
Ascaill Sheoirse/ Ascaill Dhún Charúin
Bóthar an Teampaill

Deilginis

Stáisiún Dart Dheilginis
Ascaill Phádraig, ar chúil Leabharlann Dheilginis

Dún Laoghaire

Ardán Windsor
Páirc Clarinda Thoir
Páirc Clarinda Thiar
Cow Shed, Glas Tuathail
Páirc Éadáin, Glas Tuathail

Dún Droma

Bóthar Áth an Ghainimh

Baile na Manach

Stáisiún Dart Chnoc an tSalainn
Carrchlóis an Chaladh Thiar

AGUISÍN IV

**COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN
COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN**

***TREOIRLÍNTE AR FHORFHEIDHMIÚ
NA SCÉIMEANNA UM RIALÚ LOCTHA
'ÍOC AGUS TAISPEÁIN'***

**An Rannóg Iompair
Halla an Chontae**

Meitheamh 2007

1. **Treoirlínte ar Fhorfheidhmiú na Scéimeanna um Rialú Lochta 'Íoc agus Taispeáin'**

Is é cuspóir na dTreoirlínte seo breac-chuntas a thabhairt ar na nósanna imeachta a leanfaidh an Chomhairle agus cinneadh faoi fhorfheidhmiú na rialuithe lochta Íoc agus Taispeáin ar bhóthar poiblí ar bith sa chontae nó i gcarrchlós ar bith faoi úinéireacht nó faoi bhainistíocht na Comhairle á ghlacadh aici.

2. **Réasúnaíocht i gcomhair Rialuithe Lochta 'Íoc agus Taispeáin'**

Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna chun rialuithe lochta 'Íoc agus Taispeáin' a fhorfheidhmiú:

- Locadh carranna a bhainistiú níos éifeachtaí sa Chontae i limistéir ina bhfuil fianaise go bhfuil ró-éileamh ar na spásanna atá ar fáil,
- Ráta an athraithe i spásanna lochta ar an tsráid agus i gcarrchlóis araon a ardú i limistéir ainmnithe mar bhailte agus sráidbhailte chun cuidiú le gluaisteanaithe a locann ar feadh tamall gearr agus a bhíonn thíos leis mar gheall orthu siúd a locann ar feadh tréimhsí fadaithe,
- Ionchais na n-áitritheoirí a locann ag a dtithe nó in aice lena dtithe a fheabhsú,
- Úsáid modhanna malartacha taistil (mar shampla iompar poiblí, rothaíocht agus siúlóidí) a chur chun cinn,
- Cur in aghaidh locadh coimhthíoch i limistéir chónaithe a dhéanann dochar do chaighdeán saoil na n-áitritheoirí agus
- Ioncam, a d'fhéadfaí a úsáid mar mhaoiniú do chaiteachas na Comhairle sa réimse bóithre/tráchta, a ghiniúint don Chomhairle.

3. Éileamh ar Rialuithe Lochtha 'Íoc agus Taispeáin'

De ghnáth eascraíonn an t-éileamh a bhíonn ar fhorfheidhmiú na scéimeanna rialuithe lochtha 'Íoc agus Taispeáin' as ceann amháin nó as ceann eile de na foinsí seo a leanas:

- Páirtithe leasmhara an tionscail mhiondíola/tráchtála a bhíonn ag iarraidh ráta athraithe agus ráta úsáide na spásanna lochtha i limistéir mhiondíola a fheabhsú.
- Áitritheoirí a mbíonn imní orthu go gcuireann locadh isteach ar an taitneamh a bhaineann siad as a maoin agus ag a mbíonn deacrachtaí spásanna lochtha a fháil ag a dtithe nó in aice lena dtithe de bharr an líon lochtha coimhthíoch agus
- Daoine as an bpobal, foireann na Comhairle agus An Garda Síochána a mbíonn imní orthu faoi na himpleachtaí neamhfabhracha maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bhaineann le locadh neamhrialaithe carranna ag láithreacha ar leith.

4. Nós Imeachta maidir le Forfheidhmiú Rialuithe Lochtha 'Íoc agus Taispeáin' i Láthair ar Leith

Déanfaidh an Rannóg Iompair measúnú ar gach iarraidh ar fhorfheidhmiú na rialuithe lochtha Íoc agus Taispeáin sula gcuirfidh siad tuarascáil ar aghaidh chuig an gCoiste Limistéir iomchuí. Tabharfaidh an measúnú na nithe seo a leanas san áireamh:

- An cineál agus a fhairsinge is atá an fhadhb lochtha sa limistéar agus na deacrachtaí a bhíonn ag áitritheoirí spásanna lochtha a fháil. Rachfar i mbun suirbhé ar locadh tráchta de ghnáth,
- An meastar forfheidhmiú na rialuithe lochtha Íoc agus Taispeáin a bheith ábhartha chun réiteach a fháil ar na deacrachtaí aitheanta,
- An scóip/an gá atá le bearta bainistíochta tráchta eile chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ar bith a aithnítear,

- A fheiliúnaí is atá an limistéar agus mar a mbeidh sé ábalta déileáil le scéim rialaithe lochta Íoc agus Taispeáin
- Na huaireanta/laethanta oibriúcháin bharrmhaithe i gcomhair scéim rialaithe lochta Íoc agus Taispeáin ar bith, an taraif chuí agus an teorainn ama uasta ar chóir í a bheith i bhfeidhm.

Déanfaidh an Grúpa Comhairleach ar Thrácht ar a bhfuil ionadaithe ón nGarda Síochána é sin a mheas. Cuirfear tuarascáil faoi bhráid an Choiste Limistéir ansin chun cinneadh a ghlacadh.

I gcás go mbeartófar rialuithe lochta Íoc agus Taispeáin a thabhairt isteach i limistéir, ar limistéir chónaithe go príomha iad, leanfar na nósanna imeachta seo a leanas sula gcuirfear tuarascáil faoi bhráid an Choiste Limistéir:

- Gheobhaidh na háitritheoirí go léir sa limistéar, a mholtar a thabhairt san áireamh faoin scéim rialaithe lochta Íoc agus Taispeáin agus atá ar liosta Chlár na dTogthóirí reatha, ach amháin áitritheoirí i bhfoirgnimh ina bhfuil níos má ná 4 aonad tithíochta, páipéar suirbhé chomh maith le clúdach litreach réamhíochta a bheidh le seoladh ar ais chuig an gComhairle ar mhaithe le suirbhé a dhéanamh chun céad rogha na n-áitritheoirí, maidir leis na rialuithe lochta Íoc agus Taispeáin atá beartaithe a thabhairt isteach, a fháil amach,
- Gheobhaidh na háitritheoirí líníocht chomh maith a thaispeánfaidh na mionsonraí faoin Scéim Íoc agus Taispeáin atá beartaithe dá limistéar áirithe. Taispeánfar sa líníocht láthair na gcuas lochta, chomh maith le bearta bainistíochta tráchta ar bith eile atá beartaithe. Forchoimeádann an Chomhairle aici féin an ceart bearta bainistíochta tráchta eile (mar shampla línte buí dúbailte, línte singile dúbailte agus araile) a fhorfheidhmiú a mheasann sí a bheidh cuí is cuma céard é dearcadh na n-áitritheoirí.

Cuirfear na nithe seo a leanas faoi bhráid an Choiste Limistéir ina bhfuil an Scéim atá beartaithe lonnaithe.

Suirbhé tráchta/loctha ar an Limistéar

Mionsonraí na Scéime

Torthaí an tsuirbhé ar áitritheoirí

Eolas iomchuí ar bith eile

Glacfaidh an Coiste Limistéir, ag féachaint don eolas go léir a sholáthrófar i ndáil leis an Scéim, cinneadh faoi an dtabharfar nó nach dtabharfar an Scéim Loctha Íoc agus Taispeáin atá beartaithe isteach. Cuirfear Tuarascáil faoi bhráid na Comhairle ag a cruinniú míosúil chun faomhadh a fháil ina leith.

**I láthair nuair a bhí Séala Chomhairle Contae Dhún
Laoghaire – Ráth an Dúin á ghreamú anseo leis:**

An lá seo de 2007

Cathaoirleach Chomhairle Contae
Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin

Oifigeach Ceadaithe

Oifigeach na Comhairle Contae
Halla an Chontae, Dún Laoghaire